



**An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais**
Department of Justice
and Equality

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

Beartas um Chosaint Sonraí

Bealtaine 2018

Leagan 1.0

Clár Ábhar

Leathanach

1. Réamhrá	3
2. Raon feidhme	3
3. Prionsabail um Chosaint Sonraí	4
4. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Na cearta atá ag 'ábhair sonraí'	6
5. Freagrachtaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	9
6. Teagmhálaithe Cosanta Sonraí	11
Aguisín A – Sainmhínithe sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	13
Aguisín B – Táblaí	14

1. Réamhrá

Oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (dá ngairtear an Roinn anseo ina dhiaidh seo) chun áit shábháilte chothrom chuimsitheach le cónaí ann agus le hobair ann a dhéanamh d'Éirinn.

Ina cáil mar Roinn Rialtais a n-áirítear lena freagrachtaí:

- slándáil an Stáit a áirithiú
- beatha agus maoin a chosaint
- an choireacht a chosc agus a bhrath
- cothroime agus comhionannas a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn
- imirce isteach sa Stát a bhainistiú
- dlíthe coiriúla agus sibhialta a thabhairt chothrom le dáta
- seirbhísí éagsúla eile rialála a chomhlíonadh

is gá don Roinn méideanna suntasacha sonraí pearsanta ónár gcuid custaiméirí, ball foirne agus soláthraithe seirbhíse a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, rud a dtugtar tuilleadh éifeachta dó i gCuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, is 'Rialaitheoir Sonraí' í an Roinn agus, mar sin de, tá freagrachtaí suntasacha uirthi as príobháideacht ábhar sonraí agus cosaint na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a áirithiú.

Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar shonraí pearsanta:

“aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (ábhar sonraí)”

Foráiltear leis an sainmhíniú sin do raon leathan aitheantóirí pearsanta arb ionann iad agus sonraí pearsanta, lena n-áirítear ainm, uimhir aitheantais (e.g. UPSP), sonraí suímh nó aitheantóir ar líne, agus a chumhdaíonn na sonraí leictreonacha, na sonraí láimhe agus na sonraí íomhá go léir a d'fhéadfaí a choinneáil ar ríomhaire nó ar chomhaid láimhe.

Tabhair faoi deara: Leagtar amach in Aguisín A na príomh-shainmhínithe a úsáidtear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

2. Raon feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir leis an Roinn agus tá sé ar fáil do gach gníomhaireacht agus oifig feidhmiúcháin lena chur i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí ar ina leith a ghníomhaíonn siad mar 'Rialaitheoir Sonraí'.

Tá feidhm ag an mbeartas maidir leis na sonraí pearsanta go léir a ndéanann an Roinn iad a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil i dtaca le gach duine aonair (i.e. baill foirne, custaiméirí agus soláthraithe seirbhíse) ar cibé slí ar bith, lena n-áirítear taifid pháipéir agus taifid leictreonacha.

Cuirtear san áireamh sa bheartas seo an dea-chleachtas i réimse na cosanta sonraí ach úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

3. Prionsabail um Chosaint Sonraí

Ceanglaítear le sé phrionsabal¹ an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí gurb amhlaidh na nithe seo i gcás sonraí pearsanta:

1. Déantar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach;
2. Déantar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéantar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin;
3. Tá siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá;
4. Tá siad cruinn agus coimeádtar suas le dáta iad;
5. Déantar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair shonraí a shainaitheint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; agus
6. Déantar iad a phróiseáil ar chaoi lena n-áiríthítear slándáil iomchuí na sonraí.

Cuirtear oibleagáid ar an Roinn le hAirteagal 5(2) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí *“bheith freagrach as na prionsabail a chomhlíonadh, agus bheith in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint”*.

Cur i bhFeidhm na bPrionsabal um Chosaint Sonraí sa Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais

Ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil de réir na bprionsabal um chosaint sonraí a leagtar amach thuas. Ceaptar beartais agus nósanna imeachta na Roinne chun comhlíonadh na bprionsabal sin a áirithiú.

¹ Airteagal 5

3.1 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach²

Socraítear le hAirteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí na forais ar a bhfuil próiseáil sonraí dleathach. Áirítear leis na forais sin:

'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir'

Sonraítear freisin in alt 38(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, gur dleathach atá an phróiseáil i gcás ina bhfuil sí ag teastáil chun na críche seo:

'..... comhlíonadh a dhéanamh ar fheidhm de chuid rialaitheora a thugtar le hachtú nó faoi achtú nó a thugtar leis an mBunreacht.....'

Déantar an-chuid den phróiseáil sonraí pearsanta ag an Roinn ar mhaithe le comhlíonadh fheidhmeanna an Aire nó le leas an phobail. Feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a mbuntacaítear leo le hAirteagal 28.12 de Bhunreacht na hÉireann agus leis an Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 (arna leasú), cuirtear ar áireamh iad in Aguisín 2, Tábla 1, a ghabhann leis an doiciméad seo. Liostaítear i dTábla 2 na cúraimí a dhéantar le leas an phobail sa Roinn, ar ina leith a fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil freisin.

De bhreis air sin, próiseálann an Roinn sonraí pearsanta i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla áirithe a bhfuil an Roinn faoina réir.

Féadfaidh an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil freisin de réir conarthaí áirithe atá curtha i bhfeidhm aici agus, in imthosca teoranta, i gcás ina bhfuil leas dlisteanach aici i sonraí pearsanta sonraithe a phróiseáil.

In imthosca an-teoranta, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an ábhar sonraí a t(h)oiliú a thabhairt le próiseáil a s(h)onraí. Sna cásanna sin, iarrfar toiliú ag an am a bhaileofar na sonraí agus cuirfear in iúl don ábhar sonraí go bhféadfaidh sé/sí a t(h)oiliú a aistarraingt am ar bith le linn na próiseála.

Beidh an Roinn trédhearcach go hiomlán i dtaca le conas a úsáidfear na sonraí pearsanta a bhailítear, á áirithiú go háirithe nach n-úsáidfear na sonraí ar bhealach nach mbeadh ábhar sonraí ag súil leis. Soláthróidh an Roinn an fhaisnéis riachtanach d'ábhair shonraí tráth a bhailítear na sonraí pearsanta. Áiritheoidh an Roinn go soláthrófar an fhaisnéis i bhfoirm shothuigthe, ag úsáid teanga atá soiléir agus sothuigthe. Chun a áirithiú gur cuimsitheach agus inrochtana i gcónaí a bhíonn an fhaisnéis a sholáthraítear, féadfaidh an Roinn faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil ar a suíomh Gréasáin nó i bhformáid leabhráin.

² Tá tagairt ann in Airteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus in alt 34 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

3.2 Ní fhéadfar sonraí pearsanta a bhailiú ach chun críocha sonracha, sainráite agus dlisteanacha

Ní dhéanann an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch a bhailítear iad.

Beidh aon phróiseáil sonraí eile a bheartaítear (beag beann ar an gcomhoiriúnacht dhealraitheach leis an gcuaspóir bunaidh) faoi réir measúnú tionchair chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil sí ina riosca do chearta agus saoirsí an ábhair sonraí. Féadfar an measúnú a dhéanamh i bhfoirm measúnú tionchair ar chosaint sonraí (féach Cuid 5.5 thíos).

3.3 Ní mór sonraí pearsanta a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá le haghaidh próiseáil (íoslaghdú sonraí)

Áiritheoidh an Roinn gurb ionann na sonraí a bhailítear agus a choimeádtar agus an t-íosmhéid sonraí is gá le haghaidh an chuspóra shonraithe. Ní bhaileoidh an Roinn sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach don chuspóir gnó. Sonrófar i ngach iarraidh ar sonraí pearsanta a n-eisíonn an Roinn iad an cuspóir gnó le haghaidh na sonraí sin a bhailiú.

3.4 Ní mór sonraí pearsanta a bheith cruinn agus a choinneáil suas le dáta

Chun a áirithiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, áiritheoidh an Roinn go ndéanfar na sonraí pearsanta ar fad a choimeádtar a choinneáil cruinn agus suas le dáta, nuair is féidir. Rannóga na Roinne a bhfuil sonraí pearsanta ina seilbh, tá siad freagrach as a áirithiú go gcoimeádfar gach nós imeachta láimhe/ríomhaire go leormhaith agus, i gcás ina dtugtar fógra dóibh faoi mhíchruinnis, go gceartófar na sonraí pearsanta ar bhealach tráthúil.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí sonraí míchruinne atá i seilbh na Roinne a thabhairt suas le dáta nó a léirsciosadh, de réir mar is cuí.

3.5 Ní choinnítear sonraí pearsanta ach amháin don tréimhse is gá

Áiritheoidh an Roinn go mbeidh beartas coinneála sonraí i bhfeidhm lena mbunaítear an fad ama a choinneofar sonraí pearsanta agus an cuspóir/na cuspóirí a choinneofar iad. Áiritheoidh an Roinn nach gcoinneofar sonraí ar feadh tréimhse níos faide ná atá riachtanach agus déanfar iad a léirsciosadh/a scriosadh nuair nach bhfuil siad ag teastáil a thuilleadh.

Chuipe sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil rialú teoranta ag an Roinn i dtaca le scriosadh taifead de bharr oibleagáidí a thagann chun cinn faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

3.6 Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí

Coimeádann an Roinn na caighdeáin is airde de bhearta teicniúla, eagraíochtúla agus slándála fisiciúla chun a áirithiú gur sábháilte i gcónaí a bhíonn na sonraí pearsanta a choimeádtar/a phróiseáiltear. Déantar córais, bearta agus beartais slándála a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus a thabhairt suas le dáta nuair is gá. Thug baill foirne na Roinne faoi oiliúint i dtaca lena bhfreagrachtaí pearsanta as sonraí pearsanta a chosaint.

4.0 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Na cearta atá ag ‘ábhair shonraí’

Faoi réir alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoi réir aon Rialachán gaolmhar, sonraítear na cearta seo a leanas d’ábhair shonraí sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí:

- an ceart chun faisnéis a fháil/an ceart chun rochtain a fháil
- an ceart go ndéanfaí ceartúcháin
- an ceart go ndéanfaí léirsciosadh
- an ceart go gcuirfí srian le próiseáil
- an ceart chun iniomparthacht sonraí
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil
- cearta i dtaca le cinnteoireacht uathobrithe agus le próifiliú.

4.1 An ceart chun faisnéis a fháil agus an ceart chun rochtain a fháil

Mar a luadh roimhe seo, tá sé de cheart ag ábhair shonraí faisnéis a fháil ón Roinn faoi bhailiú agus úsáid a sonraí pearsanta. De bhreis air sin, tá sé de cheart acu rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta agus ar fhaisnéis fhorlíontach eile, de réir mar is cuí.

Chuir an Roinn nósanna imeachta chun feidhme chun a áirithiú go dtabharfar freagra ar larrataí ar Rochtain d’Ábhair Shonraí laistigh de mhí amháin, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le conas larraidh ar Rochtain d’Ábhair Shonraí a dhéanamh a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Data_Protection.

4.2 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Tá sé de cheart ag ábhair shonraí go ndéanfaí ceartúcháin ar shonraí pearsanta míchruinne atá i seilbh na Roinne agus go dtabharfaí sonraí pearsanta neamhiomlána suas le dáta chun go mbeidh siad iomlán.

Tar éis iarraidh a fháil ó ábhar sonraí go ndéanfaí ceartúcháin ar a s(h)onraí pearsanta, déanfaidh an Roinn gach beart réasúnta chun a áirithiú gur cruinn atá na sonraí a choimeádtar agus áiritheoidh sí go ndéanfar ceartúcháin ar na sonraí, nuair is gá.

4.3 An ceart go ndéanfaí léirsciosadh

Foráiltear le hAirteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí don cheart atá ag ábhair shonraí in imthosca áirithe go ndéanfaí léirsciosadh ar a sonraí pearsanta ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad').

Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí léirsciosadh agus níl feidhm aige maidir le himthosca ina bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta ag an Roinn riachtanach le haghaidh na nithe seo go háirithe:

- le haghaidh feidhm de chuid an Aire a chomhlíonadh nó le haghaidh cúram a dhéantar le leas an phobail (Aguisín 2, Táblaí 1 agus 2);
- chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh; nó
- i gcás ina dteastaíonn na sonraí le haghaidh éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

I gcás ina bhfuil ábhar sonraí den tuairim gur mícheart atá eilimintí de shonraí pearsanta atá i seilbh na Roinne, féadfaidh sé/sí iarraidh a dhéanamh i scríbhinn go ndéanfaí na sonraí sin a léirsciosadh go buan.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar na hiarrataí sin go léir agus, nuair is cuí, déanfaidh sí na sonraí atá i gceist a léirsciosadh.

4.4 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil³

Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí go gcuirfí srian le próiseáil a s(h)onraí pearsanta i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

- cuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne chruinneas a s(h)onraí pearsanta. Beidh feidhm ag an srianadh ar feadh tréimhse le go bhféadfaidh an Roinn cruinneas na sonraí pearsanta a fhíorú;
- tá an phróiseáil neamhdhleathach agus cuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne léirsciosadh na sonraí, ach iarrann sé/sí go gcuirfí srian lena n-úsáid;
- níl na sonraí i gceist de dhíth ar an Roinn a thuilleadh ach iarrann an t-ábhar sonraí go gcoinneofaí iad chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint; nó
- chuir an t-ábhar sonraí i gcoinne phróiseáil a s(h)onraí ag an Roinn. Beidh feidhm ag an srianadh sin go dtí go bhfíorófar an mbeidh sáraíocht ag forais dhlísteanacha na Roinne leis an bpróiseáil ar fhorais dhlísteanacha an ábhair shonraí nó nach mbeidh.

³ Airteagal 18

Mar ábhar dea-chleachtas, cuirfidh an Roinn srian le próiseáil sonraí pearsanta le linn athbhreithniú a dhéanamh ar chruinneas na sonraí agus/nó ar na forais dhlísteanacha leis na sonraí a phróiseáil. Cuirfear san áireamh sa srianadh le próiseáil alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

4.5 An ceart chun iniomparthacht sonraí

Tá sé dleathach don Roinn cuid shuntasach de shonraí pearsanta a bhailiú de réir Airteagal 6.1(c) nó 6.1(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i.e. *‘is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh’* nó *‘is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir’*.

I gcásanna inar bhailigh an Roinn sonraí pearsanta ó ábhar sonraí trí bhíthin toilithe nó trí bhíthin conartha, féadfaidh an t-ábhar sonraí sin iarraidh ar an Roinn na sonraí a sholáthar i bhformáid leictreonach chun iad a sholáthar do Rialaitheoir Sonraí eile. Comhlíonfaidh an Roinn gach iarraidh dhlísteanach den sórt sin.

4.6 An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil

Faoi Airteagal 21 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá sé de cheart ag ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a s(h)onraí pearsanta in imthosca sonracha. I gcás ina bhfaightear agóid den sórt sin, measúnóidh an Roinn gach cás ar a fhiúntas féin.

4.7 An ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireacht uathobrithe⁴

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe ar an bpróiseáil uathobrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, lena n-imrítear éifeacht dhlíthiúil nó éifeacht atá chomh suntasach sin orthu.

Áiríteoidh an Roinn nach bunaithe ar an bpróiseáil uathobrithe amháin a bheidh cinneadh ar bith a eisítear chuig ábhar sonraí.

4.8 Gearáin

Aon ábhair sonraí a bhfuil imní orthu nach bhfuil an Roinn ag seasamh lena gcearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne. Rachaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí i dteagmháil leis an ábhar sonraí chun an gearán a thabhairt chun críche go sásúil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dataprotectioncompliance@justice.ie.

⁴ Airteagal 22

I gcás nach féidir an gearán leis an Oifigeach Cosanta Sonraí a réiteach ann, cuirfear an méid sin in iúl i scríbhinn don ábhar sonraí agus tabharfar eolas dó/di faoin gceart atá aige/aici chun an gearán a tharchur chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

5.0 Freagrachtaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tá an Roinn freagrach as na nithe seo a leanas:

5.1 Bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun chun sonraí pearsanta a chosaint.

Chuir an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun a áirithiú gur sábháilte a bheidh na sonraí go léir a choimeádtar faoina rialú agus nach mbeidh na sonraí sin i mbaol rochtain neamhúdaraíthe, bíodh sí inmheánach nó seachtrach. Déantar bearta le haghaidh sonraí pearsanta a chosaint a athbhreithniú agus a uasghrádú, nuair is cuí, ar bhonn leanúnach.

5.2 Taifead de ghníomhaíochtaí próiseála sonraí a choimeád

Coimeádann an Roinn taifead scríofa ar na catagóirí gníomhaíochtaí próiseála go léir a bhfuil sí freagrach astu de réir Airteagal 30 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

5.3 Comhaontuithe Cosanta Sonraí le faighteoirí sonraí pearsanta

Ar bhonn leanúnach, cuireann an Roinn conarthaí cuí/meabhráin tuisceana chuí/comhaontuithe déthaobhacha cuí i bhfeidhm le tríú páirtithe i gcás ina gcomhroinntear sonraí pearsanta. Áirítear leo sin gníomhaireachtaí stáit agus ranna eile rialtais. Sonraítear sna comhaontuithe sin an cuspóir ar ina leith a chomhroinntear na sonraí, na ceanglais le haghaidh na sonraí a shlánú agus na ceanglais le haghaidh an comhaontú a fhoirceannadh agus le haghaidh na sonraí a chomhroinntear a thabhairt ar ais/a scriosadh.

5.4 Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú

De réir Airteagal 25 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail um shonraí pearsanta a chosaint agus chun a áirithiú nach bpróiseálfar, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil.

Áirítear leis na bearta sin beartais agus nósanna imeachta eagraíochta a fhorbairt amhail an Beartas um Úsáid Inghlactha agus an Beartas um Chumarsáidí Digiteacha mar aon le bearta slándála a chur chun feidhme chun na sonraí a shlánú.

5.5 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

I gcás ina measann an Roinn go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann ag gabháil leis an bpróiseáil a bheartaítear (go háirithe próiseáil a bhfuil teicneolaíocht nua i gceist léi), déanfaidh an Roinn Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.

Rachfar i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne i ndáil le gach Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a chuirtear i gcrích. I gcás nach maolóidh na bearta teicniúla agus/nó eagraíochtúla a mholtar na hardrioscaí a sainaithníodh roimhe sin ann, rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí de réir mar is cuí.

5.6 Aistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach

Áiritheoidh an Roinn go mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm sula n-aistrefar aon sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach.

5.7 Sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta

Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta:

‘sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach.’

Tabharfaidh baill foirne na Roinne fógra d’Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne i gcás ina sainaithníonn siad go ndearnadh sárú ar shonraí pearsanta nó ina measann siad go ndearnadh sárú ar shonraí pearsanta. I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí fógra don Choimisiún um Chosaint Sonraí gan aon mhoill mhíchúí nuair is dócha go mbeidh riosca do chearta agus do shaoirsí an ábhair shonraí/na n-ábhar sonraí lena mbaineann ag gabháil le sárú.

Measúnóidh an tOifigeach Cosanta Sonraí freisin cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh ardriosca don ábhar sonraí/do na hábhair shonraí lena mbaineann ag gabháil leis an sárú. I gcás ina sainaithnítear ardriosca, socróidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go dtabharfaí fógra do na hábhair shonraí faoi sin.

5.8 Rialachas Cosanta Sonraí

Príomhcheanglas ar an Roinn is ea comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tabharfar mionsonraí i gCreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne faoi na socrúithe atá i bhfeidhm chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht cosanta sonraí agus chun an comhlíonadh sin a áirithiú.

5.9 An tOifigeach Cosanta Sonraí

I gcomhréir le hAirteagal 37.1(a) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe i bhfeidhm ag an Roinn. De réir Airteagal 38, áiritheoidh an Roinn go tráthúil go mbeidh baint ag an Oifigeach Cosanta Sonraí le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus tacóidh sí leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 39 - *Cúraimí an Oifigigh Cosanta Sonraí* - á gcur i gcrích aige. Áirítear na nithe seo leis na cúraimí a chuirtear ar Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne le hAirteagal 39:

- Fógra a thabhairt don Roinn agus do bhaill foirne a phróiseálann sonraí pearsanta, agus comhairle a chur orthu siúd, faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht cosanta sonraí;
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus bheartais na Roinne maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh, cur leis an bhfeasacht agus oiliúint a chur ar bhaill foirne, agus maidir leis na hiniúchtaí gaolmhara;
- Comhairle a thabhairt nuair a iarrtar í maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht;
- Comhoibriú leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí;
- Gníomhú mar phointe teagmhála don Choimisiún um Chosaint Sonraí maidir le saincheistanna a bhaineann leis an bpróiseáil agus maidir le réamhchomhairliúchán.

6.0 Teagmhálaithe Cosanta Sonraí

An tOifigeach Cosanta Sonraí

Eileen Tully Uas.

An Oifig Tacaíochta agus Comhlíonta Cosanta Sonraí

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

51 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: (01) 6028601 (an Oifig Tacaíochta agus Comhlíonta Cosanta Sonraí)

R-phost: dataprotectioncompliance@justice.ie

Tá an fhaisnéis teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne foilsithe ar shuíomh Gréasáin na Roinne agus tugadh í don Choimisiún um Chosaint Sonraí cheana féin.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

21 Cearnóg Mhic Liam

Baile Átha Cliath 2.

agus

Teach na Canála
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSúdaire
Co. Laoise.

Teileafón: (0761) 104 800

R-phost: info@dataprotection.ie

AGUISÍN A

Na Príomh-shainmhínte sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ar fáil thíos atá na sainmhínte ar na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ciallaíonn **Sonraí Pearsanta** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Ciallaíonn **Ábhar Sonraí** duine a bpróiseáiltear a shonraí pearsanta.

Ciallaíonn **Próiseáil** aon oibríocht nó aon sraith d’oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, trí mhodhanna láimhe nó trí mhodhanna uathoibrithe, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúru, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirsciosadh nó díothú.

Ciallaíonn **Catagóirí speisialta sonraí** aon sonraí lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

Ciallaíonn **Rialaitheoir Sonraí** an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina (h)aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta.

Ciallaíonn **Próiseálaí Sonraí** duine, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora.

AGUISÍN B

Tábla 1 - Feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Seirbhís Chúirteanna a sholáthar
Imirce isteach sa Stát (Inimirce) a bhainistiú
Slándáil an Stáit a áirithiú
Beatha agus maoin a chosaint (Póilíneacht)
Seirbhís Phríosúin a sholáthar
Dlíthe coiriúla agus sibhialta (Athchóiriú an Dlí) a thabhairt cothrom le dáta
Cothroime agus comhionannas a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn
An choireacht a chosc agus a bhrath
Rochtain ar an gceartas a áirithiú
Comhaontú Aoine an Chéasta a riar

Tábla 2 – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Cúraimí le Leas an Phobail
Cumarsáid le Saoránaigh
Cumarsáid le Comhaltaí an Oireachtais
Cumarsáidí Idirmheánacha Rialtais
Dualgais Oifigiúla a Riar